ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Gníomhaíocht AN09

Téama
Gníomhaíocht Fhisiciúil (GF) don halla spóirt. Cluiche ina ligeann daltaí orthu féin gur éisc iad agus iad ag iarraidh an halla a thrasnú agus iad ag dul thar na daoine atá ag iarraidh greim a fháil orthu.

Cuspóirí
An smaoineamh maidir le ró-iascaireacht agus ídiú acmhainní a shamhlú.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

Corpoideachas – Cluichí; Ag seoladh, ag glacadh agus ag taisteal; Tuiscint agus léirthuiscint ar chluichí.

OSPS – Mé féin agus an domhan mór; Cúram imshaoil

Scileanna
Ag rith, ag seachaint, ag caitheamh, ag breathnú, ag cur in iúl, ag hipitéisiú

Am
30 nóiméad

Ag caint ar iasc!

→RÓ-SHAOTHRÚ ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- → Cúig nó sé sean-pháipéir nuachta
- → Téip



CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1 Sa seomra ranga
Iarr ar gach dalta leathanach dúbailte páipéir nuachta a thógáil agus é a rolladh isteach ina liathróid bhog. Daingnigh an liathróid le beagán téipe (tá téip mhascála go maith).

2 Sa halla
Iarr ar sheisear daltaí (nó níos lú más rang beag go maith atá agat) a gcuid liathróidí páipéir a thógáil agus triúr acu seasamh ar gach aon taobh den halla. Iarr ar an gcuid eile de na daltaí a gcuid liathróidí féin a leagan síos agus dul go dtí deireadh an halla. Mínigh gur báire mór éisc iad agus iad ag snámh chuig a limistéar síol-raithe. Is iascairí iad na daltaí a bhfuil liathróidí páipéir acu atá ag iarraidh breith orthu.



ar leanúint →

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Gníomhaíocht AN09

ar leanúint →

3 Is éard a bheidh le déanamh ag an iasc ná éalú suas an halla chuig an 'limistéar síolraithe' ag an taobh eile den halla agus na hiascairí ag iarraidh 'breith' orthu trína gcuid liathróidí páipéir a chaitheamh leo. Ní bheidh ag gach iascaire ach deis amháin ar an liathróid, ach má bhuailtear iasc caithfidh sé nó sí seasamh taobh thiar den iascaire sin. An chéad uair eile a rachaidh an t-iasc thart is iascairí a bheidh sna daltaí a bheidh i ngreim chomh maith, agus de réir a chéile beidh níos lú agus níos lú iasc ann agus níos mó agus níos mó liathróidí páipéir á gcaitheamh leo.

4 Féadfaidh an múinteoir teorainn ama a chur leis an gcluiche féachaint cá mhéad iasc a bheidh fágtha, nó féadfaidh sé/sí an cluiche a stopadh nuair a bheidh, déarfaimid, an líon éisc laghdaithe go dtí an ceathrú cuid. Ag deireadh an chluiche fiafraigh den iasc cad a tharlóidh má leantar ag fáil greim orthu sula sroichfidh siad an limistéar síolraithe.

Ceisteanna

1 De réir mar a théann báid iascaireachta le trealamh níos fearr amach ag iascach, bíonn níos lú agus níos lú éisc fágtha le greim a fháil orthu. Cad a tharlóidh mura mbeidh an t-iasc in ann síolrú sách tapa sula mbeidh siad i ngreim againn?

2 Cad a dhéanaimid leis an iasc ar fad a fhaighimid?

Ar aghaidh leat

Is éisc iad na daltaí go léir. Leagfaidh an múinteoir fonsa nó rópa a mbeidh lúb air i lár an halla. Is é seo an 'limistéar síolraithe'. Rithfidh na daltaí ar fad timpeall go dtí go séidfidh an múinteoir feadóg. Beidh cúig/deich soicind ansin ag na daltaí dul chomh fada leis an bhfonsa. Tiocfaidh duine ar bith a bheidh istigh san fhonsa nó a bheidh i dteagmháil le duine éigin san fhonsa slán. Déanfaidh gach duine iarracht cabhrú leis an duine eile. Imreofar an cluiche mar sin trí nó ceithre uaire agus ansin scaoilfidh an múinteoir leis an bhfonsa go randamach i bpáirteanna difriúla den tseomra ionas go mbeidh sé níos deacra agus níos deacra ag an iasc teacht ar an 'limistéar síolraithe'.

Ceisteanna

An bhfuil tú tuirseach? Cad chuige? Meas tú an bhfaigheann iasc tuirseach? An snámhfadh siad i bhfad? Cad a d'fhéadfadh tarlú dá n-athrófá suíomh limistéar síolraithe? Cad faoi dá n-imeodh sé ar fad? Conas a shíolraíonn éisc? Conas a mhaireann siad? Cad a mharaíonn iad?